

LÁMHLEABHAR ÚSÁIDEORA

Bogearraí Bailithe ar Líne i gcomhair Tionscnaimh ó na Saoránaigh

1	Cur i láthair ginearálta	3
2	An comhéadan riaracháin	4
2.1	Rochtain ar an gcomhéadan agus rogha theanga an chomhéadain.....	5
2.2	Na bogearraí do do thionscnamh beartaithe ó na saoránaigh a chumrú.....	8
2.2.1	<i>Murar chláraigh tú do thionscnamh beartaithe ó na saoránaigh leis an gCoimisiún fós</i>	8
2.2.2	<i>Má tá do thionscnamh beartaithe ó na saoránaigh cláraithe leis an gCoimisiún cheana agat</i>	8
2.2.3	<i>Uaslódáil an comhad a íoslódáladh ó chlár na dtionscnamh ó na saoránaigh.....</i>	8
2.2.4	<i>Na leaganacha teanga atá foilsithe ar chlár na dtionscnamh ó na saoránaigh do do thionscnamh beartaithe a chur isteach</i>	9
2.3	Do chóras a bhainistiú (Roghanna stádais córais)	9
2.3.1	<i>Athrú go mód ar líne (níl aon dul siar)</i>	9
2.3.2	<i>Mód bailithe: AIR/AS.....</i>	10
2.4	Faireachán ar na ráitis tacaíochta a bailíodh agus iad a easpórtáil	10
2.4.1	<i>Dáileadh na sínithe faoi láthair – Easpórtáil gach ráiteas tacaíochta a bailíodh.....</i>	11
2.4.2	<i>Tuarascáil de réir tréimhse agus/nó de réir tíre – Easpórtáil ráiteas tacaíochta roghnaithe</i>	11
2.4.3	<i>Sainráitis tacaíochta a scríosadh</i>	11
2.4.4	<i>Conas na sonraí easpórtáilte a dhíchriptiú</i>	12
2.5	Socrúithe	15
2.5.1	<i>Lógó</i>	15
2.5.2	<i>Mapa dáiliúcháin na sínithe</i>	16
2.5.3	<i>Meáin Shóisialta</i>	16
2.5.4	<i>URL aisghlaoigh</i>	16
2.5.5	<i>Rialacha bailíochtaithe maidir leis na sonraí a sholáthraíonn sínitheoirí</i>	18
2.5.6	<i>Tomhsaire an dul chun cinn</i>	19
3	An comhéadan Poiblí.....	20
3.1	Rochtain agus roghnú theanga an chomhéadain	20
3.2	An leathanach baile.....	21
3.3	Deimhniú comhréireachta	22
3.4	Ráitis tacaíochta a bailíodh de réir tíre	22
3.5	Ráiteas príobháideachais	23
3.6	Tacú	23
3.6.1	<i>Tír a roghnú/an fhoirm tacaíochta a líonadh isteach.....</i>	23
3.6.2	<i>An ráiteas tacaíochta a chríochnú agus a thíolacadh</i>	24
3.6.3	<i>An leathanach deimhniúcháin</i>	24
IARSCRÍBHINN I:	Cóid na dTíortha.....	25
IARSCRÍBHINN II:	Cóid na dTeangacha	26

1 Cur i láthair ginearálta

Is do dhaoine atá ag eagrú tionscnaimh ó na saoránaigh a ceapadh na bogearraí seo.

An Coimisiún Eorpach a d'fhorbair iad agus cloíonn siad cheana le riachtanais feidhme agus feidhmiúla agus le riachtanais bunachair sonraí na sonraíochtaí teicniúla¹. Tugann siad na feidhmiúlachtaí uile is gá chun ráitis tacaíochta a bhailiú ar líne, sonraí sínitheoirí a stóráil go slán agus sonraí a easpórtáil chuig na húdaráis náisiúnta inniúla. Is furasta iad a chumrú d'aon tionscnamh beartaithe ó na saoránaigh óir cuireann siad ar chumas na n-eagraithe an t-eolas ábhartha uile faoina dtionscnamh a uaslódáil óna gcuntas d'eagraithe ar láithreán gréasáin an Tionscnaimh ó na Saoránaigh.

Sna bogearraí tá comhéadan poiblí do shínitheoirí chun a dtacaíocht a thabhairt agus comhéadan riaracháin d'eagraithe chun an córas a bhainistiú.

Tig leis na bogearraí feidhmiú in dhá mhód éagsúla:

- **Mód as líne:** cuireann an mód seo ar chumas na n-eagraithe/riarthóirí an córas a ullmhú agus a thástáil roimh thús an fheachtais bailiúcháin. Sa mhód sin, tá cosaint pasfhocail ar chomhéadan poiblí an chórais chun rochtain an mhórfhobail air a chosc.
- **Mód ar líne:** cuireann an mód seo ar chumas na n-eagraithe ráitis tacaíochta don tionscnamh beartaithe ó na saoránaigh a bhailiú i ndáiríre, nuair a bheidh an córas cumraithe agus deimhnithe. Sa mhód sin, tá rochtain ag an mórfhobail ar an gcomhéadan poiblí.

De réir réamhshocrú, is i mód as líne a bhíonn an córas. Faoi smacht na n-eagraithe/riarthóirí atá an t-athrú go mód ar líne. Chun dul chuig mód ar líne, is gá don eagraí/riarthóir cumrú an chórais a chríochnú ag úsáid shonraí an tionscnaimh a cláraíodh ar chlár an Choimisiúin Eorpaigh don tionscnamh ó na saoránaigh (tugtar "Clár na dtionscnamh ó na saoránaigh" ar an gclár seo sa chuid eile den lámhleabhar) agus an deimhniú comhréireachta a d'eisigh an t-údarás náisiúnta inniúil a uaslódáil. Nuair a dhéantar an t-athrú go mód ar líne, díchumasaítear cosaint pasfhocail an chomhéadain poiblí ionas gur féidir tosú ar na ráitis tacaíochta a bhailiú.

Tábhachtach: Níl aon dul siar ar an athrú ó mhód as líne go mód ar líne!

¹ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1179/2011 an 17 Samhain 2011 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla do na córais bailithe ar líne de bhun Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an tionscnamh ó na saoránaigh.

MÓD AS LÍNE:

Comhéadan riaracháin:

Is féidir leat do chóras a ullmhú d'fhonn a dheimhniú agus é a chumrú don tionscnamh ó na saoránaigh atá beartaithe agat. Tá na feidhmiúlachtaí uile ar fáil chun do chóras a thástáil.

Comhéadan poiblí:

Tá cosaint pasfhocail air le rochtain an phobail air a chosc.

NÍL AON DUL
SIAR



MÓD AR LÍNE:

Comhéadan riaracháin:

Ní thig leat sonraí do thionscnaimh bheartaithe a athrú níos mó. Ní thig leat ach leaganacha nua teanga a chur isteach.

Tá na feidhmiúlachtaí eile uile ar fáil le bailiúchán na ráiteas tacaíochta a bhainistiú go héifeachtúil.

Comhéadan poiblí:

Tá rochtain ag an bpobal ar an bhfoirm ráitis tacaíochta le cur ar chumas sínitheoirí tacú le do thionscnamh beartaithe ó na saoránaigh.

Mar sin féin, is féidir an fhoirm a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú trí na cnaipí bailiú AIR/AS sa chomhéadan riaracháin.

2 An comhéadan riaracháin

2.1 Rochtain ar an gcomhéadan agus rogha theanga an chomhéadain

Agus tú ag nascadh le comhéadan riaracháin an chórais, ar dtús feicfidh tú an scáileán logála isteach. Úsáidtear córas fíordheimhnithe dhá chéim: iarrtar ainm úsáideora agus pasfhocal, agus freagairt ar shraith carachtar heicsidheachúil chomh maith (Figiúr 1).

Tionscnamh Eorpach na Saoránach - Córas Bailiúcháin ar Líne

Gaeilge (ga)

Ainm úsáideora

Pasfhocal

Úsáid d'eochar phríobháideach chun an téacs samplach thíos a dhíchriptiú (as tíne) is ansin greamaigh an toradh i réimse na dtorthaí.

Toradh

Logáil isteach

Tionscnamh Eorpach na Saoránach - Córas Bailiúcháin ar Líne 1.6.0 Edition


Figiúr 1: Scáileán logála isteach an chórais

Chun rochtain a fháil ar an gcóras, déan an méid seo a leanas:

1. Cuir isteach d'ainm úsáideora
2. Cuir isteach do phasfhocal


Féach an mhír "*Security Tool installation*" sa Treoir Suiteála faoin tslí chun an t-ainm úsáideora agus pasfhocal a ghiniúint.

3. Cuir an cúrsóir ar réimse téacs na gcarachtar heicsidheachúil, deaschliceáil ansin agus roghnaigh *Roghnaigh gach rud*, deaschliceáil arís agus roghnaigh *Cóipeáil*
4. Oscail an *Security Tool* agus cuir isteach do phasfhocal chun go n-aithneoidh an córas thú
5. Roghnaigh an fheidhmiúlacht *Téacs Samplach a Dhíchriptiú* (Figiúr 2)



Figiúr 2: *Security Tool* – An scáileán *Téacs Samplach a Dhíchriptiú*

Osclófar an fhuinneog seo:



Figiúr 3: An fhuinneog chun téacs samplach a dhíchriptiú

6. Deaschliceáil agus roghnaigh *greamaigh* chun an tsraith carachtar a cóipeáladh a ghreamú isteach, ansin cliceáil ar *Díchriptigh*

7. Cóipeáil torthaí an díchriptithe trí chliceáil ar an gcnaipe *Cóipeáil* faoin téacs díchriptithe, agus ansin téigh ar ais chuig leathanach logála isteach an chórais. Cuir an cúrsóir ar réimse na dtorthaí agus greamaigh isteach sa réimse an toradh a cóipeáladh
8. Brúigh ar an gcnaipe *Logáil isteach*
9. Má éiríonn leis an logáil isteach, taispeánfaidh an córas an leathanach baile riaracháin (Figiúr 4 thíos)
10. Mura n-éiríonn leis an logáil isteach, taispeánfaidh an córas teachtaireacht á chur sin in iúl. Sa chás sin ní mór duit céimeanna 1 go 8 a dhéanamh arís chun logáil isteach.

De réir réamhshocrú, is i **mód as líne** a bhíonn an córas. Sa mhód sin, tá cosaint pasfhocail ar chomhéadan poiblí do chórais chun rochtain an phobail air a chosc. Ar an mbealach sin, cuireann an mód sin ar do chumas do chóras a ullmhú dá dheimhniú sula dtosófar an bailiú. Nuair a bheidh do chóras cumraithe agus deimhnithe, féadfaidh tú tosú go hoifigiúil ar ráitis tacaíochta a bhailiú tríd an gcomhéadan poiblí. Chun é sin a dhéanamh, ní mór dul go mód ar líne trí *Stádas an Chórais* sa roghchlár. Féach mír 2.3.1 *Athrú go mód ar líne (níl aon dul siar)* le tuilleadh eolais a fháil.

Sa bhreis air sin, de réir réamhshocrú, bíonn an fhoirm ráitis tacaíochta ar an gcomhéadan poiblí díchumasaithe ("Bailiú AS"). Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi ghníomhachtú/dhíghníomhachtú na foirme, féach mír 2.3.2 *Mód bailithe: AIR/AS*.

Tá liosta anuas sa chúinne ar barr an leathanaigh ar dheis a chuireann ar do chumas teanga an chomhéadain a athrú aon tráth.

Tionscnamh Eorpach na Saoránach - Córas Bailiúcháin ar Líne

Gaeilge (ga)

Mód as líne
Bailiúchán AS

Fáilte chuig comhéadan an riaracháin in bhur gcóras bailiúcháin ar líne.

Cumraíocht Tionscnaimh
Bhur gcóras bailiúcháin ar líne a chumrú do bhur saintionscnamh saoránach.

Faireachán agus Onnmairiú
faireachán a dhéanamh ar bhailiú ráiteas tacaíochta a seoladh isteach trí chomhéadan poiblí an chórais agus na sonraí is gá a onnmhairiú d'fhonn fíorú a fháil ó na húdaráis náisiúnta chuí dóibh.

Stádas Córais
stádas an chórais a athrú: an fhoirm ráitis tacaíochta ar an gcomhéadan poiblí a chumasú (cas AR SIÚL an bailiúcháin), an teastas a uaslódáil agus dul isteach i mód ar líne.

Tá an córas i mód as líne faoi láthair. Sa mhód sin, tá cosaint pasfhocail ar chomhéadan poiblí an chórais chun rochtain an phobail air a chosc. Mar sin, cuireann an mód sin ar bhur gcumas bhur gcóras a ullmhú is a thástáil d'fhonn a fhíorúcháin sular dtosófar an bailiú.

Chun bhur gcóras a chumrú, ar dtús ní mór daoibh na tús-shonraí suiteála a chur ar fáil (faisnéis ar bhur tionscnamh saoránach) leis an iontráil "[Cumraíocht Tionscnaimh](#)" sa roghchlár.

Chun bhur gcóras a chumrú, ar dtús ní mór daoibh na tús-shonraí suiteála a chur ar fáil (faisnéis ar bhur tionscnamh saoránach) leis an iontráil "[Stádas Córais](#)" sa roghchlár.

Figiúr 4: Leathanach baile an chomhéadain riaracháin

2.2 Na bogearraí do do thionscnamh beartaithe ó na saoránaigh a chumrú

Chun do chóras a chumrú don thionscnamh beartaithe ó na saoránaigh, ní mór an iontráil *Cumraíocht an Tionscnaimh* sa roghchlár a úsáid. Cuirfidh an leathanach sin ar do chumas an fhaisnéis faoi thionscnamh beartaithe ó na saoránaigh a chur isteach.

2.2.1 Murar chláraigh tú do thionscnamh beartaithe ó na saoránaigh leis an gCoimisiún fós

Má tá do chóras bailithe ar líne á ullmhú agat agus tá beartaithe agat é a fháil deimhnithe sula gcláróidh tú do thionscnamh beartaithe ó na saoránaigh ar chlár na dtionscnamh ó na saoránaigh, ní mór duit an fhaisnéis faoin thionscnamh beartaithe a chur isteach ag úsáid an chnaipe *Cuir isteach/Athraigh faisnéis de láimh*.

Ní gá duit an fhaisnéis uile a líonadh isteach láithreach. Beidh ort teideal cruinn do thionscnaimh a chur in iúl sula n-iarrfaidh tú deimhniú do chórais ar an údarás náisiúnta ábhartha, ámh. Ba cheart an teideal sin a bheith díreach mar an gcéanna leis an teideal atá beartaithe agat a chlárú ar láithreán gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ("Clár na dtionscnamh ó na saoránaigh"). Cuir in iúl freisin an teanga a bhfuil sé beartaithe agat an tionscnamh a chlárú inti.

Tabhair faoi deara nach féidir sonraí a chur isteach de láimh ach amháin i mód as líne.

2.2.2 Má tá do thionscnamh beartaithe ó na saoránaigh cláraithe leis an gCoimisiún cheana agat

Sa chás seo, tig leat an comhad XML ina bhfuil an fhaisnéis faoi do thionscnamh beartaithe ó na saoránaigh a uaslódáil. Beidh an fhaisnéis ar fáil i do chuntas d'eagraithe i gclár na dtionscnamh ó na saoránaigh chomh luath agus a bheidh clárú do thionscnaimh bheartaithe dearbhaithe ag an gCoimisiún. Féach an mhír a leanas le haghaidh teoracha faoin tslí chun an comhad a uaslódáil.

Tabhair faoi deara nach mbeidh tú in ann an córas a chur i mód ar líne ach tar éis duit an comhad XML a uaslódáil: cinnteoidh sé sin go bhfuil na sonraí atá á n-úsáid i do chóras bailithe ar líne díreach mar an gcéanna leis an bhfaisnéis atá cláraithe i gclár na dtionscnamh ó na saoránaigh.

2.2.3 Uaslódáil an comhad a íoslódáladh ó chlár na dtionscnamh ó na saoránaigh

Chun an comhad XML ina bhfuil an fhaisnéis faoi do thionscnamh beartaithe a uaslódáil, ní mór duit:

1. Dul chuig do chuntas d'eagraithe i gclár na dtionscnamh ó na saoránaigh
2. An comhad atá ar fáil sa roghchlár *Bainistigh bhur dtionscnamh* (an iontráil *Bhur gcóras bailithe ar líne a bhunú*) a íoslódáil agus a shábháil ar do thiomántán áitiúil
3. Dul chuig leathanach OCS *Cumraíocht an Tionscnaimh* ar an gcomhéadan riaracháin, cliceáil ar an gcnaipe *Uaslódáil comhaid* (ní mór duit bheith logáilte isteach ar dtús)
4. Cliceáil ar an gcnaipe *Brabhsáil* le teacht ar an gcomhad ar do ríomhaire agus cliceáil ar an gcnaipe *Oscail*. Cliceáil ar an gcnaipe *Uaslódáil*

Tabhair faoi deara nach féidir na sonraí ar do thionscnamh beartaithe a athrú a thuilleadh tar éis duit athrú chuig an mód ar líne. Ansin ní bheidh ar do chumas ach leaganacha nua teanga den tionscnamh atá beartaithe agat a chur isteach tríd an gcomhad XML nua a uaslódáil (féach an chéad mhír eile).

2.2.4 Na leaganacha teanga atá foilsithe ar chlár na dtionscnamh ó na saoránaigh do do thionscnamh beartaithe a chur isteach

Chun na leaganacha teanga a chuir tú ar fáil agus a foilsíodh ar chlár na dtionscnamh ó na saoránaigh a chur isteach, ní mór an comhad ina bhfuil an fhaisnéis faoin tionscnamh beartaithe ó na saoránaigh i do chuntas d'eagraithe a íoslódáil arís agus an comhad nua sin a uaslódáil sna bogearraí, de réir an cur síos thuas. Sa chomhad sin tá gach leagan teanga den tionscnamh beartaithe a foilsíodh tráth a uaslódála, ina measc teanga an chláraithe.

Mar sin, tig leat an oibríocht a dhéanamh arís gach uair a chuirtear leagan(acha) nua teanga isteach i gclár na dtionscnamh ó na saoránaigh.

Tabhair faoi deara nach gá an bailiú a stopadh sa chomhéadan poiblí chun comhad nua don tionscnamh atá beartaithe agat a uaslódáil.

Go hachomair:

- I mód as líne (tá an córas á thástáil agat), tig leat sonraí a chur isteach de láimh, sin nó an comhad atá i do chuntas d'eagraithe má chláraigh tú do thionscnamh beartaithe leis an gCoimisiún cheana a uaslódáil.

- Chun dul isteach i mód ar líne agus nuair a bheidh tú i mód ar líne (tá bailiú na ráiteas tacaíochta ar siúl), ní thig leat ach an comhad atá ar fáil i do chuntas d'eagraithe a uaslódáil.

- Beidh ort an comhad sin a íoslódáil ó do chuntas agus é a uaslódáil chuig do chóras gach uair a fhoilsítear leagan nua teanga de do thionscnamh ar chlár na dtionscnamh ó na saoránaigh ionas go gcuirfear an leagan nua teanga sin le do chóras.

2.3 Do chóras a bhainistiú (Roghanna stádais córais)

Baineann an mhír seo leis an iontráil *Stádas an Chórais* sa roghchlár.

2.3.1 Athrú go mód ar líne (níl aon dul siar)

Ach do chóras a bheith ullamh agus deimhnithe ag an údarás náisiúnta inniúil agus a luaithe is a bheidh clárú an tionscnaimh atá beartaithe agat dearbhaithe ag an gCoimisiún, tig leat dul isteach i mód ar líne chun tosú ag bailiú ráitis tacaíochta ó shínitheoirí.

Chun é sin a dhéanamh, ní mór duit ar dtús:

- an cumrú tionscnaimh a chríochnú don chóras tríd an gcomhad a bheidh íoslódáilte agat cheana ó do chuntas d'eagraithe i gclár na dtionscnamh ó na saoránaigh a uaslódáil (ní féidir leat dul isteach i mód ar líne má chuir tú isteach sonraí de láimh) (féach mír 2.2.2 *Má tá do thionscnamh beartaithe ó na saoránaigh cláraithe leis an gCoimisiún cheana agat*) agus

- deimhniú comhréireachta do chórais, a bheidh faighte agat ón údarás inniúil, a uaslódáil san iontráil *Stádas an Chórais* sa roghchlár.

Ansín, i *Stádas an Chórais*, tig leat tic a chur sa bhosca *Téigh isteach sa mhód ar líne* agus cliceáil ar *Lean ar aghaidh*.

Bíodh a fhios agat NACH BHFUIL AON DUL SIAR ar dhul isteach sa mhód ar líne agus go gciallaíonn sé:

- go meastar go bhfuil an fhaisnéis ar do thionscnamh, lena n-áirítear na leaganacha teanga éagsúla, críochnaitheach agus nach bhféadfaidh tú í a athrú feasta. Mar sin féin, beidh tú in ann an chumraíocht tionscnaimh a rinne tú a nuashonrú le haon leaganacha nua teanga a chuirfidh tú le clár na dtionscnamh ó na saoránaigh.

- go scriostar na sonraí tástála síniúcháin uile a d'úsáid tú sa mhód as líne.

Sa bhreis air sin, de réir réamhshocrú, cumasóidh an córas an fhoirm ráitis tacaíochta ar an gcomhéadan poiblí go huathoibríoch (má bhíonn an bailiú AS an tráth sin, casfar AIR go huathoibríoch é). Féach an mhír thíos do bhreis eolais.

2.3.2 Mód bailithe: AIR/AS

Sna móid as líne agus ar líne araon, tig leat na foirmeacha ráitis tacaíochta sa chomhéadan poiblí a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú. Cuireann sin ar do chumas tíolacadh na ráiteas tacaíochta tríd an gcomhéadan poiblí a cheadú nó a chosc.

Agus an bailiú AS, tá rochtain fós ar an gcomhéadan poiblí ach níl rochtain ar an bhfoirm chun ráiteas tacaíochta a thabhairt (níl fáil ar an gcnaipe *Tacaigh leis* a thugann rochtain ar an bhfoirm).

Agus an córas as líne, ní bhíonn rochtain ag an bpobal ar an gcóras, ach b'fhéidir go mba mhian leat an fhoirm ráiteas tacaíochta a ghníomhachtú chun an bailiú a thástáil (rochtain faoi chosaint pasfhocail a bheidh ann ansin).

Tig leat an fhoirm a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú aon uair is mian leat. Ní bhíonn aon tionchar aige ar na ráitis tacaíochta a bailíodh cheana.

Chun an mód bailithe a athrú, roghnaigh AIR nó AS trí thic a chur sa bhosca cuí sa leathanach *Stádas an Chórais* agus cliceáil ar *OK*.

De réir réamhshocrú, tá an bailiú AS sa mhód as líne agus AIR sa mhód ar líne.

Tabhair faoi deara nach mór duit an fhoirm ráitis tacaíochta a dhíghníomhachtú sa chomhéadan poiblí ag deireadh do thréimhse bailiúcháin.

2.4 Faireachán ar na ráitis tacaíochta a bailíodh agus iad a easpórtáil

Cuireann an leathanach *Faireachán agus Easpórtáil* ar do chumas faireachán a dhéanamh ar bhailiú ráiteas tacaíochta a tíolacadh trí chomhéadan poiblí an chórais, agus na sonraí comhfhreagracha a easpórtáil. Chuige sin, tá trí fheidhmiúlacht aige, agus déantar cur síos ar gach ceann acu faoi seach sa chéad trí fhomhír eile. Tá fáil ar an leathanach sna móid as líne agus ar líne araon.

Tá na sonraí sa chóras criptithe. Agus iad easpórtáilte, beidh ort iad a dhíchriptiú leis an *Security Tool* chun anailís a dhéanamh orthu. Féach mír 2.4.4 *Conas na sonraí easpórtáilte a dhíchriptiú* chun tuilleadh eolais a fháil.

2.4.1 Dáileadh na sínithe faoi láthair – Easpórtáil gach ráiteas tacaíochta a bailíodh

Sa chéad chuid den leathanach, faoin teideal *Dáileadh na sínithe faoi láthair*, taispeántar dáileadh iomlán na sínithe, arna rangú de réir tír na sínitheoirí.

Tig leat na ráitis tacaíochta uile a easpórtáil tráth ar bith leis an gcnaipe *Easpórtáil gach rud*.

Nuair a bheidh an easpórtáil críochnaithe, beidh fáil ar an gcomhad easpórtáilte sa chóras comhad a chuir tú in iúl nuair a thionscain tú an córas (féach an Treoir Suiteála). Rangófar na comhaid easpórtáilte go huathoibríoch de réir tíre agus, do gach tír, de réir an leagain teanga den tionscnamh a roghnaigh an sínitheoir. Bunaíodh ainmneacha na bhfillteán ar na cóid tíre agus teanga a gheobhaidh tú in **Iarscríbhinní I agus II** faoi seach.

Nuair a bheidh deireadh le bailiú na ráiteas tacaíochta, agus má sroicheadh an líon sínithe is gá, beidh ort na ráitis tacaíochta ábhartha a easpórtáladh a chur chuig gach údarás inniúil sna Ballstáit lena bhfíorú.

2.4.2 Tuarascáil de réir tréimhse agus/nó de réir tíre – Easpórtáil ráiteas tacaíochta roghnaithe

Sa dara cuid den leathanach seo, ceadaítear duit fiosruithe a dhéanamh ag tuairisciú ráitis tacaíochta de réir na tíre agus/nó an dáta a cuireadh isteach iad. Tig leat tréimhse ama a roghnú tríd an gcéad dá réimse a líonadh agus/nó tig leat tír a roghnú ón liosta anuas. Seol an fiosrú trí chliceáil ar an gcnaipe *Comhaireamh*.

Ansin tig leat na ráitis tacaíochta comhfhreagracha a easpórtáil leis an gcnaipe *Easpórtáil* a thagann aníos nuair a bhíonn an fiosrú críochnaithe ag an gcóras.

2.4.3 Sainráitis tacaíochta a scríosadh

Sa tríú cuid den leathanach tig leat ceann amháin nó níos mó de na ráitis tacaíochta a roghnú – tríd an aitheantóir sínithe – chun é/iad a scríosadh leis an gcnaipe *Scríos*. Tig leat dáta an tsínithe a chur in iúl chomh maith leis an aitheantóir sínithe, ach níl sé sin éigeantach.

Léireoidh tuairisc ar éirigh nó nár éirigh leis an scríosadh i gcás gach ráitis tacaíochta.

Nuair a éiríonn le sínitheoir a ráiteas tacaíochta a thíolacadh tríd an gcomhéadan poiblí, cuirtear ar an eolas é faoi aitheantóir sínithe a ráitis tacaíochta.

Féadann tú an t-aitheantóir sínithe a fhreagraíonn do gach ráiteas tacaíochta ar leith a aimsiú sa chomhad XML a cruthaíodh ó na sonraí a easpórtáladh ag úsáid an *Security Tool*.


2.4.4 Conas na sonraí easpórtáilte a dhíchriptiú

1. Tosaigh an *Security Tool* tríd an máistir-phasfhocal a cuireadh isteach le linn na céime túsaithe a úsáid, mar atá mínithe sa Treoir Suiteála. Cliceáil ar *Díchriptigh Sonraí*



Figiúr 5: An *Security Tool* As Líne – An Scáileán *Díchriptigh Sonraí*

Osclófar an fhuinneog seo:



Figiúr 6: Brabhsáil agus roghnú fillteán nó comhad lena ndíchriptiú

2. Cuir isteach na fillteáin nó na comhaid ar leith atá le díchriptiú

Ar barr ar chlé atá na cnaipí chun fillteáin nó comhaid nua a chur isteach lena bpróiseáil (*Cuir isteach comhaid / Cuir isteach fillteáin*).

Agus comhaid á gcur isteach, is féidir níos mó ná comhad amháin den chineál XML a roghnú. Agus fillteáin á gcur isteach, ní féidir ach fillteáin a roghnú (ilroghnú). Agus an luch á cur thar mhír i liosta na gcomhad atá roghnaithe agat, taispeántar an chonair iomlán chuig an gcomhad/fillteán.

Dhá shlí atá ann chun comhaid/fillteáin a bhaint: *Bain amach gach rud* – rud a ghlanann an roghnú comhad agus fillteán agus *Bain amach*, a bhaineann iontrálacha roghnaithe ina gceann is ina gceann. Chun níos mó ná comhad nó fillteán amháin a bhaint, coinnigh an eochair Ctrl ar an méarchlár thíos agus cliceáil ar na comhaid/fillteáin atá le baint. Agus an roghnú déanta agat, tig leat an cnaipe *Bain amach* a chliceáil nó deaschliceáil ar an luchóg, rud a osclaíonn roghchlár mar is féidir *Bain amach* a roghnú. Bainfidh an dá ghníomhaíocht na comhaid/fillteáin a roghnaíodh.

Ar barr ar dheis atá an *Achoimre ar na comhaid a roghnaíodh*. Sa chuid sin tugtar achoimre ar na comhaid uile a phróiseálfar. Bíonn sé sin an-úsáideach nuair a roghnaítear fillteáin. Taispeánfaidh an achoimre líon iomlán na gcomhad XML a fuarthas i bhfillteáin agus i bhfo-fhillteáin agus i gcomhaid uile an roghnúcháin, fara méid iomlán na gcomhad sin.

3. Roghnaigh an fillteán aschuir

Chun an áit ina bhfuil na comhaid dhíchriptithe le stóráil a roghnú, cliceáil ar an gcnaipe *Brabhsáil* faoin lipéad *Fillteán aschuir* agus roghnaigh an fillteán atá le húsáid.

4. Roghnaigh cineál an chomhaid aschuir ó cheann den dá rogha seo: XML nó PDF

5. Cliceáil ar *Tosaigh an próiseas dhíchriptithe* le dul ar aghaidh le dhíchriptiú na gcomhad XML easpórtáilte.

Agus tús curtha le próiseas an dhíchriptithe, ní bhíonn rochtain ar an gcuid uachtarach. San *Achoimre ar dhul chun cinn an dhíchriptithe* taispeántar stádas reatha phróiseas an dhíchriptithe agus an t-am atá idithe. Agus tús curtha le próiseas an dhíchriptithe, tig leat an fhuinneog *a íoslaghdú*, an próiseas *a chur ar sos*, an próiseas *a chealú* nó *breis sonraí* faoi a fheiceáil ach an cnaipe cuí a chliceáil.

Má chuireann tú *ar sos* é, cuirfear an próiseas ar sos nuair a bheidh an comhad atá á phróiseáil próiseáilte. Sin an fáth a nglacann sé roinnt ama, ar uairibh, tar éis duit *Cuir ar sos* a bhrú sula bhfeiceann tú gur stopadh an dul chun cinn.

Os a choinne sin, má chealaíonn tú próiseas an dhíchriptithe, cuirtear stop leis an bpróiseas láithreach agus ní aistrítear a thuilleadh comhad chuig an bhfillteán aschuir.

Chun na sonraí a bhaineann le próiseas an dhíchriptithe a fheiceáil, brúigh an cnaipe *Sonraí* agus osclófar an fhuinneog thíos ina dtaispeántar i ndubh líon iomlán na gcomhad a próiseáladh, in uaine líon na gcomhad ar éirigh lena bpróiseáil agus i ndearg líon na gcomhad nár éirigh lena bpróiseáil.

Sonraí na gcomhad lena ndíchriptiú

Dul chun cinn foriomlán
 Comhaid arma próiseáil 46
 Go rathúil: 46
 Theip ar: 0

Ainm an chomhaid	Am reatha (meandar)	Rath	Teachtaireacht bhreise
C:\decrypt\2015-04-27_10-1...	1.48	true	Decrypted data: 6
C:\decrypt\2015-04-27_10-1...	2.74	true	Decrypted data: 16
C:\decrypt\2015-04-27_10-1...	1.70	true	Decrypted data: 10
C:\decrypt\2015-04-27_10-1...	3.10	true	Decrypted data: 18
C:\decrypt\2015-04-27_10-1...	1.20	true	Decrypted data: 8
C:\decrypt\2015-04-27_10-1...	1.30	true	Decrypted data: 8
C:\decrypt\2015-04-27_10-1...	5.60	true	Decrypted data: 36
C:\decrypt\2015-04-27_10-1...	5.63	true	Decrypted data: 40
C:\decrypt\2015-04-27_10-1...	24.09	true	Decrypted data: 189


Ceil Bog go bun

Figiúr 7: Próiseas an díchriptithe agus staitisticí

Le haghaidh gach comhaid a phróiseáiltear, cuirtear líne isteach i dtábla ina dtaispeántar ainm an chomhaid, an t-am a ghlac próiseáil an chomhaid sin, ar éirigh leis an bpróiseas (fíor/bréagach) agus teachtaireacht bhreise mar a fheictear i bhFigiúr 7 thuas.

2.5 Socruithe

Is féidir na socruithe don chomhéadan Poiblí a chumrú ach dul chuig Socruithe ar an roghchlár.



Figiúr 8: An scáileán *Socruithe*

Leis na socruithe atá roghnaithe agat a dhearbhu, cliceáil ar an gcnaipe *Sábháil na socruithe*.

Cliceáil ar an gcnaipe *Cealaigh* mura mian leat go stórálfai sa bhunachar socruithe atá curtha isteach agat ach nach bhfuil dearbhaithe go fóill.

2.5.1 Lógó

Chun do lógó féin a chur in ionad íomhá an Tionscnaimh ó na Saoránaigh réamshocráithe atá ar taispeáint ar barr ar chlé den chomhéadan poiblí, cliceáil ar an gcnaipe *Brabhsáil* chun comhad do lógó shaincheaptha a roghnú. Ba cheart comhad den sórt JPEG, PNG nó GIF a bheith i gcomhad an lógó shaincheaptha. Taispeánfar an lógó le taifeach uasta 160 x 160 pictilín. Má dhéanann tú lógó níos mó nó níos lú a uaslódáil, athrófar an méid, ag coinneáil chomhréir na híomhá. Is é 150 KB méid uasta an chomhaid a ghlacfar leis don lógó saincheaptha.

Más mian leat an lógó saincheaptha atá agat faoi láthair a scríosadh, cuir tic sa ticbhosca cuí sula ndéanfaidh tú do chuid socruithe a shábháil.

2.5.2 Mapa dáiliúcháin na sínithe

Cuir tic sa bhosca *Lig d'úsáideoirí mapa dáiliúcháin na sínithe a fheiceáil* ionas go mbeidh sínitheoirí in ann mapa a fheiceáil de na ráitis tacaíochta a bailíodh tríd an gcóras de réir tíre. Má bhaineann tú an tic den bhosca seo, ní bheidh aon mhapa ar fáil tríd an gcomhéadan poiblí.

2.5.3 Meáin Shóisialta

Is féidir tic a chur sna ticbhoscaí Facebook, Google+ agus/nó Twitter le go mbeidh sínitheoirí in ann a rá gur maith leo do thionscnamh agus in ann é a chomhroinnt ag deireadh phróiseas a dtacaithe. Má bhaineann tú an tic de cheann amháin de na ticbhoscaí seo, nó de gach ceann, ní bheidh fáil ar an gcnaipe comhfhreagrach sa chomhéadan Poiblí.

2.5.4 URL aisghlaoigh

Faoin URL le dul ar ais go láithreán gréasáin na n-eagraithe is féidir an seoladh a chur isteach a úsáidfear don nasc [Bí ar an eolas](#) a fheiceann na sínitheoirí ag deireadh an phróisis tacaithe (Figiúr 9).

De réir réamhshocrú, tógfaidh an nasc [Bí ar an eolas](#) na sínitheoirí ar ais chuig láithreán gréasáin na n-eagraithe atá sainithe i gClár na dtionscnamh ó na saoránaigh do do thionscnamh. Le filleadh ar an réamhshocrú, níl le déanamh ach an méid atá sa réimse *URL le dul ar ais go láithreán gréasáin na n- eagraithe* a ghlanadh amach.

Tabhair faoi deara gur cheart “http://” nó “https://” a bheith ag tús an URL. Mura bhfuil, feicfidh tú an teachtaireacht a leanas nuair a chliceálfaidh tú ar an gcnaipe *Sábháil na socruithe*.



Tugadh URL neamhbhailí.



Gaeilge (ga)

Tionscnamh ó na Saoránaigh

1. AN TIONSCNAMH2. AN FHOIRM3. DEIMHNIÚ



Public demo environment for the Online Collection Software (OCS)



GO RAIBH MAITH AGAT!

Déirigh leat do ráiteas tacaíochta a chur isteach.

Bíodh na tagairtí thíos agat chun aon cheist faoi do ráiteas tacaíochta a chur ar na heagraithe.

Aitheantóir an tsínithe:
a8f3a5d8-bf53-4aa8-9e38-e8dd759ddf21

Dáta:
24/04/2015

Bí ar an eolas: <http://ec.europa.eu>

Cuir do chairde ar an eolas:

Is maith liom é seo

Roinn

g+1

g+ Share

Tweet

Figiúr 9: An URL aisghlaoigh mar a thaispeántar é ar an leathanach deimhniúcháin sa chomhéadan Poiblí

2.5.5 Rialacha bailíochtaithe maidir leis na sonraí a sholáthraíonn sínitheoirí

Cuir tic sa ticbhosca *Bailíochtú roghnach: féidearthacht a bheith ann dul thart ar na rialacha bailíochtaithe (cód poist, uimhir aitheantais)* chun go mbeidh sínitheoirí in ann a gcód poist agus/nó a n-uimhir aitheantais a chur isteach i bhformáid eile seachas an ceann atá ceadaithe ag na bogearraí i rith an phróisis tacaíthe. Socraíodh na formáidí sna bogearraí ar bhonn na faisnéise a thug na Ballstáit.

Má chuireann tú tic sa bhosca seo agus má dhéanann sínitheoirí a gcuid sonraí a iontráil i bhformáid atá difriúil ón bhformáid atá ceadaithe, taispeánfar teachtaireacht earráide dóibh ar dtús a chuirfidh in iúl dóibh nach bhfuil a gcuid sonraí ag teacht leis an bhformáid. Beidh seans acu ansin a gcuid iontrálacha a sheiceáil agus, má mheasann siad go bhfuil siad i gceart, tic a chur le ticbhosca chun an méid sin a dheimhniú agus a ráiteas tacaíochta a thíolacadh ar aon nós (Figiúr 10).

Má bhaineann tú an tic den bhosca seo, ní bheidh an rogha seo ar fáil agus cuirfear iallach ar na sínitheoirí a gcuid sonraí a iontráil sna formáidí atá ceadaithe ag na bogearraí.

Áit chónaithe

Seoladh (sráid, uimhir, eile) *

Seoladh

Cód poist *

1000a

Cathair *

Brussels

Tír *


an Bheilg


☒ Deimhním leis seo go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam san fhoirm seo ceart agus nár thacaigh mé leis an tionscnamh beartaithe seo ó na saoránaigh cheana féin.


☒ Léigh mé an [ráiteas príobháideachais](#)

☐ Tá an fhormáid inar chuir mé isteach m'uimhir (doiciméid) aitheantais phearsanta agus/nó mo chód poist cruinn - tabhair neamhaird ar an earráid seo agus lean ar aghaidh

Cuir isteach na carachtair a fheiceann tú sa phictiúr *







Figiúr 10: Séanadh don bhailíochtú bog

2.5.6 Tomhsaire an dul chun cinn

Cuir tic sa ticbhosca *Lig d'úsáideoirí tomhsaire an dul chun cinn a fheiceáil* chun go mbeidh sínitheoirí in ann barra dul chun cinn a fheiceáil ar an Leathanach Baile den chomhéadan Poiblí a thabharfaidh le fios cé mhéid sínithe a bailíodh. Sa réimse thíos faoi, cuir isteach an líon iomlán sínithe is ceart a shroicheadh, uimhir a úsáidfear mar sprioc don bharra dul chun cinn. Is féidir leat an uimhir sin a athrú le himeacht ama de réir mar a bheidh níos mó ráitis tacaíochta bailithe agat.

Má bhaineann tú an tic den bhosca seo, ní thaispeánfar tomhsaire an dul chun cinn sa chomhéadan Poiblí.

3 An comhéadan Poiblí

3.1 Rochtain agus roghnú theanga an chomhéadain

Sa **mhód as líne**, tá cosaint pasfhocail ar chomhéadan poiblí an chórais chun rochtain an phobail air a chosc. Le logáil isteach, ní mór na céimeanna céanna a leanúint a dhéantar agus rochtain á fáil ar an gcomhéadan riaracháin (Féach mír 2.1 *Rochtain ar an gcomhéadan agus rogha theanga an chomhéadain*).

Sa **mhód ar líne**, bíonn rochtain ag an bpobal ar an gcomhéadan agus ní bhíonn cosaint pasfhocail air. Is trí nasc ar do láithreán gréasáin a gheobhaidh an pobal rochtain ar leathanach baile an chórais de ghnáth.

Tá liosta anuas i gcúinne ar barr an leathanaigh ar dheis a chuireann ar chumas an phobail teanga an chomhéadain a athrú tráth ar bith.

3.2 An leathanach baile

Is ar an leathanach baile a thosaítear próiseas an tacaíthe. Tráth ar bith le linn an phróisis, is féidir filleadh air tríd an gcnaipe *Baile* a bhrú ar barr an leathanaigh ar chlér.

Ar an leathanach baile tugtar an fhaisnéis uile faoin tionscnamh beartaithe ó na saoránaigh: taispeántar na sonraí a thug tú in *Cumraíocht an Tionscnaimh* sa chomhéadan riaracháin, ar a n-áirítear na leaganacha éagsúla teanga den tionscnamh beartaithe.

Más rud é gur chuir tú tic sa ticbhosca comhfhreagrach sa chomhéadan riaracháin, taispeántar tomhsaire an dul chun cinn ar an leathanach baile freisin (Figiúr 11).

Trí na cnaipí *Tacaigh leis* ag bun agus ag barr an leathanaigh, is féidir le saoránaigh tús a chur le tacú leis an tionscnamh atá beartaithe agat.



Gaeilge (ga)

Tionscnamh ó na Saoránaigh

1. AN TIONSCNAMH

2. AN FHOIRM

3. DEIMHNIÚ



Public demo environment for the Online Collection Software (OCS)

70

Is é 70 an líon sínithe atá faighte ar líne. Bainimis 1000 amach!

TACAIGH LEIS 

Athraigh teanga an tionscnaimh: Gaeilge (ga)

Ábhar an tionscnaimh:

In the context of the European Citizen Initiative (ECI), OCS is software enabling the collection of online signatures.

Príomhchuspóirí:

The goal of this site is to enable ECI stakeholders to get familiar with the latest version of OCS. More information about this software is available on JOINUP and the ECI Register (follow links below).

Dáta clárúcháin:

01/03/2015

Uimhir chlárúcháin an Choimisiúin Eorpaigh:

ECI(2015)000000

Seoladh gréasáin an tionscnaimh bheartaithe seo ó na saoránaigh ar chlár an Choimisiúin Eorpaigh:

<http://www.acceptance.ec.europa.eu/citizens-initiative/public/initiatives/ongoing/details/2015/000000/ga>

Ainmneacha na ndaoine teagmhála cláraithe:

Name 1, Name 2

Seoltaí ríomhphoist na ndaoine teagmhála cláraithe:

Organizer1@name.com, Organizer2@name.com

Ainmneacha na n-eagraithe cláraithe eile:

- Organizer3
- Organizer4
- Organizer5
- Organizer6

Láithreán gréasáin an tionscnaimh bheartaithe seo ó na saoránaigh (más ann dó):

Chun tacú le tionscnamh ó na saoránaigh, ní mór duit bheith i do shaoránach de chuid an Aontais Eorpaigh (i do náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach) agus sean go leor le vóta a chaitheamh sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa (18 mbliana d'aois seachas san Ostair, áit ar 16 an aois vótála).

Tá tuilleadh eolais faoi na rialacha agus na coinníollacha a bhaineann leis an Tionscnamh ó na Saoránaigh san fhoilseachán seo: <http://ec.europa.eu/citizens-initiative>

TACAIGH LEIS 

Córas bailithe ar líne 1.6.0 Edition

Tá an córas seo á bhainistiú ag eagraithe an tionscnaimh bheartaithe


Figiúr 11: Leathanach baile an chomhéadain phoiblí

3.3 Deimhniú comhréireachta

Ar gach leathanach den chomhéadan poiblí, is féidir leis an bpobal deimhniú comhréireachta do chórais bailithe ar líne, a d'uaslódáil tú tríd an gcomhéadan riaracháin, a fheiceáil ach an cnaipe cuí ar barr an leathanaigh a bhrú (Níl an deimhniú seo éigeantach sa mhód as líne).

3.4 Ráitis tacaíochta a bailíodh de réir tíre

Ar gach leathanach den chomhéadan poiblí, is féidir leis an bpobal mapa de na ráitis tacaíochta a bailíodh de réir tíre tríd an gcóras bailithe ar líne a fheiceáil, ach an cnaipe cuí ar barr an leathanaigh a bhrú, más rud é gur roghnaigh an riarthóir an rogha seo a bheith ar fáil don phobal (féach mír 2.5.2 *Mapa dáiliúcháin na sínithe* agus Figiúr 12).



Figiúr 12: Ráitis tacaíochta a bailíodh de réir tíre

Nuair a chuireann an t-úsáideoir an cúrsóir thar thír den Aontas Eorpaigh feicfear, don tír sin, an líon ráiteas tacaíochta a bailíodh, an tairseach éigeantach sínitheoirí², agus an céatadán atá sroichte go dtí seo.

Beidh dath glas ar na tíortha ina bhfuil an tairseach bainte amach cheana.

Beidh dath gorm ar na tíortha atá faoi bhun na tairsí.

Beidh dath dearg ar thíortha nach bhfuil ráiteas tacaíochta ar bith bailithe uathu go fóill.

Beidh dath donn ar aon tír ar an mapa nach bhfuil san Aontas Eorpach.

3.5 Ráiteas príobháideachais

An ráiteas príobháideachais a bhaineann le sonraí pearsanta na sínitheoirí, is féidir leis an bpobal é a fheiceáil ó gach leathanach sa chomhéadan poiblí ach an cnaipe cuí ar barr an leathanaigh a bhrú. Cuid den fhoirm oifigiúil le tacú le tionscnamh ó na saoránaigh is ea an ráiteas príobháideachais seo.

3.6 Tacú

3.6.1 Tír a roghnú/an fhoirm tacaíochta a líonadh isteach

Trí chliceáil ar cheachtar de na cnaipí *Tacaigh leis*, faigheann sínitheoirí rochtain ar an bhfoirm ráitis tacaíochta. Ar dtús, ní mór dóibh an Ballstát arb as iad a roghnú.

Tig le sínitheoirí Ballstát a gcónaithe nó a náisiúntachta a roghnú. Cuirfear an ráiteas tacaíochta san áireamh don Bhallstát atá roghnaithe. Tá fáil ar roinnt nasc chuig láithreán gréasáin an Tionscnaimh ó na Saoránaigh, mar a bhfaighidh sínitheoirí breis eolais ar an tslí agus ar na riachtanais chun tacú le tionscnamh ó na saoránaigh.

Agus an tír roghnaithe, ámh, cuireann an córas an sínitheoir ar an eolas nach féidir tacú (ag brath ar an mBallstát) ach amháin:

- más cónaitheoirí sa tír sin iad; nó
- más cónaitheoirí sa tír sin iad, nó saoránaigh de chuid na tíre; nó
- más cónaitheoirí nó saoránaigh de chuid na tíre sin iad, ar a n-áirítear saoránaigh a bhfuil cónaí orthu thar lear ar choinníoll gur chuir siad a n-áit chónaithe in iúl dá n-údaráis náisiúnta; nó
- má tá uimhir/doiciméid aitheantais acu, nó ceann de na huimhreacha/doiciméid aitheantais is gá don tír sin: sa chás sin, tiocfaidh réimsí breise aníos lena chur ar chumas sínitheoirí an doiciméad ábhartha a roghnú agus a uimhir a thabhairt.

Is féidir an Ballstát a athrú ach an cnaipe *Athraigh*, atá lámh leis an tír atá roghnaithe, a úsáid.

I ngach cás, ní cheadaítear do shínitheoirí síniú ach uair amháin do gach tionscnamh beartaithe ó na saoránaigh. Tabhair faoi deara nach gceadaíonn an córas ráitis tacaíochta dhúblacha.

² An t-íosmhéid ráiteas tacaíochta nach mór a fháil i dtír ar leith is ea an tairseach sínitheoirí. Ní mór an tairseach a shroicheadh i seacht gcinn de thíortha ar a laghad.

Agus an tír roghnaithe, bíonn an fhoirm ábhartha atá le líonadh ag an sínitheoir le feiceáil ar an leathanach céanna. Cuirtear gach foirm in oiriúint do na sonraí a éilíonn an Ballstát atá roghnaithe.

3.6.2 An ráiteas tacaíochta a chríochnú agus a thíolacadh

Agus an fhoirm líonta isteach, ní mór do shínitheoirí a dheimhniú go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha acu ceart agus nár thug siad tacaíocht cheana don thionscnamh beartaithe seo ó na saoránaigh. Ní mór dóibh a dheimhniú freisin gur léigh siad an ráiteas príobháideachais.

Chun an próiseas a chríochnú, bíonn ar na sínitheoirí na carachtair a fheiceann siad san íomhá captcha a iontráil. É sin, nó is féidir leo éisteacht le captcha fuaime agus na huimhreacha a chloiseann siad a iontráil.

Ansin féadfaidh sínitheoirí an cnaipe *Tíolaic* a chliceáil chun tíolacadh a ráitis tacaíochta a chríochnú. Tráth ar bith sa phróiseas, ceadaítear do shínitheoirí dul ar ais chuig an leathanach roimhe sin tríd an gcnaipe *Ar ais*, ag bun na leathanach, a chliceáil: má chinneann siad é sin a dhéanamh, scriosfar na sonraí uile a iontráladh cheana.

3.6.3 An leathanach deimhniúcháin

Mura dtarlaíonn aon earráid, cuirfidh an córas an sínitheoir ar an eolas gur éirigh le tíolacadh na foirme. Sa bhreis ar an bhfógra sin, bíonn an dáta agus an t-aitheantóir sínithe le feiceáil ar an leathanach deiridh.

Ón leathanach deimhniúcháin is féidir le sínitheoirí filleadh chuig láithreán gréasáin na n-eagraithe tríd an nasc *Bí ar an eolas*. Rachaidh an nasc chuig láithreán gréasáin an lucht eagraithe mar atá sé sainithe i gClár na dtionscnamh ó na saoránaigh do do thionscnamh sa leagan teanga atá roghnaithe don thionscnamh, ach amháin má tá URL aisghlaoigh difriúil socraithe agat sa chomhéadan riaracháin (féach mír 2.5.4 *URL Aisghlaoigh*).

Ar deireadh, tugtar deis do na sínitheoirí ar an leathanach deimhniúcháin a rá gur maith leo do thionscnamh agus é a chomhroinnt ar a gcuntas Facebook, Google+ nó Twitter má chliceálann siad ar an gcnaipe cuí faoin nasc chuig láithreán gréasáin na n-eagraithe, más rud é gur chuir tú tic sna ticbhoscaí comhfhreagracha sa chomhéadan riaracháin (féach mír 2.5.3 *Meáin Shóisialta*).

Iarscríbhinn I: Cóid na dTíortha

Ainm gearr, teanga(cha) foinse (ainm tíreolaíoch)	Ainm gearr as Gaeilge (ainm tíreolaíoch)	Cód tíre
Belgique/België	an Bheilg	BE
България	an Bhulgáir	BG
Česká republika	Poblacht na Seice	CZ
Danmark	an Danmhairg	DK
Deutschland	an Ghearmáin	DE
Eesti	an Eastóin	EE
Éire/Ireland	Éire	IE
Ελλάδα	an Ghréig	EL
España	an Spáinn	ES
an Fhrainc	an Fhrainc	FR
Hrvatska	an Chróit	HR
Italia	an Iodáil	IT
Κύπρος	an Chipir	CY
Latvija	an Laitvia	LV
Lietuva	an Liotuáin	LT
Luxembourg	Lucsamburg	LU
Magyarország	an Ungáir	HU
Malta	Málta	MT
Nederland	an Ísiltír	NL
Österreich	an Ostair	AT
Polska	an Pholainn	PL
Portugal	an Phortaingéil	PT
România	an Rómáin	RO
Slovenija	an tSlóivéin	SI
Slovensko	an tSlóvaic	SK
Suomi/Finland	an Fhionlainn	FI
Sverige	an tSualainn	SE
United Kingdom	an Ríocht Aontaithe	UK

Iarscríbhinn II: Cóid na dTeangacha

Teideal na teanga foinse	Teideal Gaeilge	Cód ISO
български	Bulgáiris	bg
español	Spáinnis	es
čeština	Seicis	cs
dansk	Danmhairgis	da
Deutsch	Gearmáinis	de
eesti keel	Eastóinis	et
ελληνικά	Gréigis	el
English	Béarla	en
français	Fraincis	fr
Gaeilge	Gaeilge	ga
hrvatski	Cróitis	hr
italiano	Iodáilis	it
latviešu valoda	Laitvis	lv
lietuvių kalba	Liotuáinis	lt
magyar	Ungáiris	hu
Malti	Máltais	mt
Nederlands	Ollainnis	nl
polski	Polainnis	pl
português	Portaingéilis	pt
română	Rómáinis	ro
slovenčina (slovenský jazyk)	Slóvaicis	sk
slovenščina (slovenski jezik)	Slóivéinis	sl
suomi	Fionlainnis	fi
svenska	Sualainnis	sv